ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

BUAN-CÚNTÓIR TAIGHDE AG TEASTÁIL

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is bonn agus taca faoin Údarás.

Is é an misean atá againn ná "A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh phróisis uchtála ar feadh an tsaoil, agus gurb leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir"

Tá fás tagtha ar AAI mar go bhfuil feidhmeanna nua agus feidhmeanna leathnaithe glactha aige de thoradh na Reachtaíochta nua um Fhaisnéis agus Rianú Breithe.

Tá an AAI ag iarraidh Buan-Cúntóir Taighde a earcú, a bheidh bunaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá obair chumaisc ar fáil sa phost seo faoi réir chineál na ndualgas agus de réir Bheartas an Údaráis um Obair Cumaisc.

Beidh Grád mar Oifigeach Riaracháin ag an gCúntóir Taighde.

Tacóidh an cúntóir taighde leis an oifigeach taighde ina ról mar bhall den Fhoireann Shinsearach Bainistíochta chun cuspóirí sonraithe faoi Phleananna Corparáideacha agus Gnó a chur i gcrích. Beidh ról éagsúil ag an gcúntóir taighde áirithe seo. Éilítear leis go mbeidh an cúntóir in ann tionscadail iolracha a bhainistiú agus spriocdhátaí a bhaint amach agus a bheith tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a sholáthar.

Chomh maith le cuspóirí níos leithne an Údaráis, tabharfaidh an cúntóir taighde tacaíocht don Oifigeach Taighde chun spriocanna sonracha an aonaid taighde mar atá leagtha amach i Straitéis Taighde an Údaráis 2023-2026 a chur i bhfeidhm. Caithfidh scileanna maithe riaracháin agus bunús maith i dtaighde acadúil a bheith ag an iarrthóir rathúil mar gur ról riaracháin agus acadúil é seo.

Tá scála tuarastail idir €36,114 agus €67,951 in aghaidh na bliana (lena n-áirítear dhá incrimint fhadtéarmacha) agus beidh seachtain oibre 35 uair an chloig aige nó aici. Tabhair faoi deara go mbeidh an pá tosaigh ag íosphointe an scála de réir Chiorclán E100/8/82 ón Rialtas. D'fhéadfadh cúinsí eisceachtúla a bheith i gceist i gcás iarrthóirí a bhfuil seirbhís reatha acu sa Státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí.

Saoire bhliantúil: 25 lá in aghaidh na bliana atá bunaithe ar sheachtain cúig lá agus agus ní áirítear léi na gnáth laethanta saoire poiblí.

Cuireann Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochair den scoth ar fáil lena n-áirítear scéim pinsean ranníocach mar aon le deis chun tuilleadh oiliúna agus forbartha a fháil.

Spriocdháta: 12 meán lae Dé Luain, an 18 Meán Fómhair 2023
Tabhair faoi deara, cé go bhféadfadh iarratasóirí riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, meastar go gcuirfidh an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine.